# Fógra Príobháideachais **Pleanála**

Ag Rannóg Pleanála Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air **Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. **Oscail d'aip cheamara**
2. **Frámáil an cód QR**
3. **Cliceáil ar an mír aníos**

# Fógra Príobháideachais
# **Pleanála**

## Cén fáth a bpróiseálann Pleanáil sonraí pearsanta?

### Próiseálann an rannóg Pleanála do shonraí pearsanta chun:

- Pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe Chontae an Longfoirt a chinntiú
- Forbairt pobal agus fiontraíochta inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú
- A chinntiú go gcosnaítear oidhreacht nádúrtha agus thógtha agus taitneamhacht an chontae.

## Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann Pleanáil?

### Seo a leanas liosta de shonraí pearsanta a phróiseálaimid:

- Ainm
- Seoladh Baile
- Seoladh forbartha
- Seoladh ríomhphoist
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Sonraí sláinte
- Úinéireacht talún
- Uimhir theileafóin
- Sonraí airgeadais
- Is féidir gur íomhánna ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle atá i gceist sna sonraí



## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

### Seo iad an dá chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

| Staid | Sampla |
|---|---|
| Chun ligeann dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil. | Sonraí na ndaoine a chuireann iarratas pleanála isteach a thaifeadadh faoi:<br>• an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)<br>• an Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú). |

## Cé leis a roinnfidh an Pleanáil do shonraí pearsanta?

### D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- An Bord Pleanála
- An Roinn Talmhaíochta
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Ionadaithe tofa
- Institiúidí airgeadais
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- Uisce Éireann (Irish Water roimhe seo)
- Ionadaithe dlíthiúla
- Iniúchóir rialtais áitiúil
- Ranna rialtais eile
- An pobal (mar shampla, iarratais phleanála)
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair.

An Bord Pleanála

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

### Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait faoin gcaoi a láimhseálaimid sonraí i bPleanáil, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**